Is fiacha ar neach an ní gheallas

[McKenna, L.: *The Book of O'Hara*, Dublin, 1951, poem 10]

Fearghal Óg Mac an Bhaird

1 As fiacha ar neach an ní gheallas;
gealladh daingean - dia do bhuaidh! -
lámh as treisi ar fhud gach fheadhma,
tug meisi d'Ó Eadhra uaim.

2 Do gheallus laoidh 'n-a laoidh cumuinn,
craobh do lubhghort leasa Floinn,
dom laodh dil, do Chormac Cabha,
glanshlat do dhligh ragha is roinn.

3 Cuige do chomhall mo gheallta,
géag thoroidh as truime bláth,
fear nar iarr acht a n-ágh urruim,
triall lem dhán comuinn tar chách.

4 A theachtoire théid go Cormac,
dá chneas lúthmhar lingeas tóir,
fear do thabhoigh go hég m'annsa,
tabhair an tréd rannsa róinn.

5 lomdha romham san raon díreach
le druing dheaghrann dan dual toil
ón trian teas go Cormac Cláire,
donnshlat ó Eas Mháighe a-moigh.

6 Beir ón Mhumhain na múr ndaithgheal
an drong rann do-rinne mé
go bile Gréag tar gach Gaoidhiol;
séad fine na n-aoigheadh é.

7 Maith a chumann, caomh a aigneadh,
aoibhinn doidse dol 'n-a cheand,
fear nar aomh béim ar a bhiodhbhaidh,
craobh réidh don fhiodhbhaidh as fhearr.

8 Ní tuirsioch doit dol go Cormac;
cuirfidh mo chéili, creid uaim,
- laoidh nó duan ní háil a n-aisgidh -
ad láimh luach bhur n-aisdir uaidh.

9 Síos go seolchrann sleachta hEadhra
ní haithreach dhoit dul ar séad;
laoidh riamh ná aonrann a n-aisgidh

nír iarr saorbharr gaisgidh Ghréag.

10 Dom chéile ar gcluinsin na rannsa
reac uaim ris, is ní rádh clé,
mo bheith a ngioll ag géig Thaoidhean,
’s nar thréig sinn ar aoinfhear é.

11 Cóir do ghrádhoigheas géag Mháighe;
minic fhuaras san trian tuaidh
a ghrádh, a uille ar cúl comhóil,
a rún uile, a onóir, uaidh.

12 Gan fháth ní thugus toil doiséin;
a ndiaigh na tarbha téid an grádh;
fuaras uaidhe a each ’s a eirreadh,
an chleath nuaidhe neimhmion nár.

13 A-tá sind ar son ar gceannoigh
ag Cormac ó chroidhe thé
budh buan go héag an toil tuilltir;
ó shin as dá mhuindtir mhé.

14 Beith ag Cormac na gcolg ngreanta,
gruaidh loinneardha dar las gríos,
do neach dom thréad ní toil mheallta,
géag ó Thoigh an Teampla thíos.

15 Cormac Ó hEadhra ucht solus,
seabhac éachtach na n-each mbras,
nír thuill diomdha um dháil a mhaoineadh
iomdha idh na n-aoidheadh as.

16 Do lean Máire mhéin na gcraobhsoin,
na craobha ór chin ciabh na lúb;
meinig ag cách a clú ar cuimhne,
as gnáth le crú Suibhne sútt.

17 Na croinn fhíneamhna ór fhás Máire,
’n-a maoinibh ní mór a gcás,
do mhéadoigh sí a ccéim re chéile,
sí do réir a fréimhe ag fás.

18 Doirseoir Dé ná diultadh mheisi;
míorbhul bhuan ar nach bíodh glas
síodh biodhbhadh san Róimh do-ríne;
ní hiongnadh dóidh fhíre as.

19 Adhbhar bróin a bheith fan gcomhraidh,
Conn Aolmhuighe na n-each mbras;

ní ghabhadh sin séad ó aoinfhear,
géag do chin ó Ghaoidhiol Glas.